2024/2443

3.10.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 320/2021

an 26 Samhain 2021

lena leasaítear Prótacal 32 de Chomhaontú LEE, maidir le módúlachtaí airgeadais le haghaidh Airteagal 82 a chur chun feidhme [2024/2443]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 ([1]), leithdháiltear ioncam sannta seachtrach breise ar an gClár Fís Eorpach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta arna rialú le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), arna leasú le Rialachán (AE) 2021/836 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). I bPrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais le haghaidh Airteagal 82 de Chomhaontú LEE a chur chun feidhme, is iomchuí a shoiléiriú, chun ranníocaíochtaí airgeadais na Stát CSTE a ríomh, gur cheart an bonn atá leis an ríomh a mhéadú trí leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta seachtrach faoi Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle i ndáil lena rannpháirtíocht sa chlár sin.

(2) In Airteagal 82 de Chomhaontú LEE sonraítear go ndéanfar an fachtóir comhréireachta le haghaidh ranníocaíochtaí na Stát CSTE le buiséad an Aontais a ríomh go bliantúil mar chóimheas idir olltáirgeacht intíre ('OTI') na Stát CSTE agus olltáirgeacht intíre Bhallstáit an Aontais. Sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Eanáir 2020, leagtar amach oibleagáid leanúnach na Ríochta Aontaithe ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh le buiséad an Aontais i gcomhréir lena sciar de chistí geallta faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020. Is iomchuí, dá bhrí sin, go gcuirfí OTI na Ríochta Aontaithe san áireamh i ríomh an fhachtóra comhréireachta maidir le línte buiséid as a ndéantar íocaíochtaí go heisiach chun gealltanais arna síniú faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 a chomhlánú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 32 de Chomhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Cuirtear na míreanna seo a leanas isteach in Airteagal 1 de Phrótacal 32:

'10. Chun an ranníocaíocht oibríochtúil de bhun Airteagal 82 den Chomhaontú a ríomh, maidir leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe íocaíochta a iontráladh i mbuiséad an Aontais Eorpaigh agus a glacadh go cinntitheach le haghaidh na mblianta is infheidhme maidir leis na cláir seo a leanas a mhaoiniú: an Clár Fís Eorpach (arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) agus Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (arna rialú le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), déanfar na

([1]) IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23.
([2]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).
([3]) Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).
([4]) Rialachán (AE) 2021/836 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 185, 26.5.2021, lch. 1).

leithreasuithe sin a mhéadú leis na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta seachtrach a leithdháiltear do na gníomhaíochtaí sin faoi Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 ([5]).

11. Chun an fachtóir comhréireachta a ríomh maidir le línte buiséid as a ndéantar íocaíochtaí go heisiach chun gealltanais arna síniú faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 agus creata airgeadais ilbhliantúla roimhe sin a chomhlánú, is éard a bheidh i bhfachtóir comhréireachta CSTE, mar a shainítear é in Airteagal 82(1) den Chomhaontú, suim na gcóimheas idir, ar thaobh amháin, olltáirgeacht intíre (OTI) ar phraghsanna an mhargaidh i ngach Stát CSTE agus, ar an taobh eile, suim na OTInna ar phraghsanna an mhargaidh i mBallstáit an Aontais, sa Ríocht Aontaithe agus sa Stát CSTE sin. Déanfar an fachtóir sin a ríomh, le haghaidh gach bliana airgeadais, ar bhonn na sonraí staidrimh is déanaí i gcomhréir le hAirteagal 7.

12. Mura gcomhaontóidh Comhchoiste LEE a mhalairt, chun an fachtóir comhréireachta mar a shainítear faoi Airteagal 82(1) den Chomhaontú a ríomh le haghaidh na bliana airgeadais ar lena linn a thiocfaidh comhaontú maidir le haontachas Ballstáit nua, mar a thagraítear dó in Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i bhfeidhm, roimh an 1 Iúil, áireofar an OTI ar phraghsanna an mhargaidh sa Bhallstát nua san OTI ar phraghsanna an mhargaidh i mBallstáit an Aontais.

13. Mura gcomhaontóidh Comhchoiste LEE a mhalairt, chun an fachtóir comhréireachta mar a shainítear faoi Airteagal 82(1) den Chomhaontú a ríomh le haghaidh na bliana airgeadais ar lena linn a thiocfaidh comhaontú maidir le tarraingt siar Ballstáit, mar a thagraítear dó in Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i bhfeidhm, tar éis an 1 Iúil, áireofar an OTI ar phraghsanna an mhargaidh sa Bhallstát a bheidh ag tarraingt siar san OTI ar phraghsanna an mhargaidh i mBallstáit an Aontais.'

2. Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach i bPrótacal 32:

'*Airteagal 8*

Rialacha sonracha maidir le rannpháirtíocht i ráthaíochtaí buiséadacha

Módúlachtaí airgeadais sonracha maidir le ranníocaíochtaí na Stát CSTE a bhaineann le rannpháirtíocht i ráthaíochtaí buiséadacha, lena n-áirítear an nós imeachta maidir le rannpháirtíocht airgeadais iontu a chinneadh, déanfar iad a shocrú i gcomhaontuithe ranníocaíochta sonracha lena bhféadfar na módúlachtaí a leagtar amach sa Phrótacal seo a chomhlánú. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht sin ranníocaíocht i dtaca le soláthar páirteach na ráthaíochta buiséadaí agus an toimhde maidir leis an dliteanas teagmhasach ina thaobh sin, nó, mar mhalairt rogha, beidh sé ina ranníocaíocht in airgead tirim le soláthar foriomlán na ráthaíochta buiséadaí, bunaithe ar na coinníollacha a leagtar amach sna comhaontuithe ranníocaíochta sonracha.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE (*).

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Samhain 2021.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Rolf Einar FIFE

([5]) IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.